

Caingean arna tabhairt an 7 Samhain 2022 – Dr. Neumann & Kindler v EUIPO – Laboratory Corporation of America Holdings (LabCorp)

(Cás T-674/22)

(2023/C 7/52)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Dr. Neumann & Kindler GmbH & Co. KG (Bochum, an Ghearmáin) (ionadaithe: T. Pfeifer agus N. Gottschalk, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Laboratory Corporation of America Holdings (Burlington, North Carolina, na Stáit Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar mharc fóirthe an Aontais Eorpaigh “LabCorp” – Iarratas Uimh. 15 174 774

Imeachtaí os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Lúnasa 2022 i gCás R 1998/2020-2

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a íoc agus a ordú don idiragraí ionchasach costais na n-imeachtaí achomhairc os comhair EUIPO a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 47(2) agus (3) de Rialachán 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 9 Samhain 2022 — Giuffrida v Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

(Cás T-676/22)

(2023/C 7/53)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Páirtithe

Iarratasóir: Carmela Giuffrida (Catania, an Iodáil) (ionadaí: S. Petillo, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh Uimh. 038/2022 an 14 Meán Fómhair 2022 agus a cuireadh in iúl trí ríomhphost an 16 Meán Fómhair 2022 lenar dhiúltaigh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) gan údar do Dr Carmela Giuffrida a ainmniú don phost mar Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach i Bari arna ainmniú de bhun Airteagal 17(2) de Rialachán OIPE ⁽¹⁾ a chur ar neamhní;
- Cúiteamh as an damáiste a rinneadh don Dr Giuffrida mar thoradh ar an moill ar an nós imeachta a thabhairt i gcrích agus ar dhiúltú neamhdhleathach a hainmniúcháin, agus damáiste iarmhartach dá híomhá, arb ionann é agus EUR 445,94 mar dhamáiste ábhartha agus EUR 50 000 mar dhamáiste neamhábhartha don íomhá, EUR 50 445,94 san iomlán.

Saincheistanna dlí arna maíomh

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua agus cúiseanna a sonraíodh ag teacht salach ar a chéile.
 - Is cosúil nach bhfuil ráiteas ar chúiseanna ag baint leis an gcinneadh lena ndiúltaítear ainmniúcháin Dr Carmela Giuffrida mar Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach OIPE do Bari, ós rud é gur chomhlíon an t-iarratasóir feidhm an Ionchúisitheora ar an leibhéal náisiúnta ar feadh ocht mbliana ón 30 Meán Fómhair 1999 go dtí an 8 Eanáir 2008. Le linn na tréimhse sin, d’fheidhmigh sí a ról lena ndéileáladh go sonrath le coireanna in aghaidh leas airgeadais na hEorpa.
 - Is léir ón litir inspreatha a sheol an t-iarratasóir chun a curriculum vitae a chomhlánú agus a mhionsonrú go raibh sí, le linn na tréimhse sin, ina ball den mheitheal arna bunú in Oifig Ionchúisitheora Phoiblí Catania a bhí ag déileáil leis na coireachta dá dtagraítear in Airteagal 640(a), is é sin le rá, camscéimeanna Comhphobail agus, dá bhrí sin, de gach coireanna gaolmhara.
2. An dara shaincheist dlí lena n-éilítear difríocht sa chóireáil.
 - Maoíonn an t-iarratasóir gur caitheadh go héagothrom léi i gcomparáid le comhghleacaithe Iodálacha eile a earcaíodh.
 - Ba cheart a thabhairt faoi deara, díreach bliain roimhe sin, le tairiscint roimhe seo chun Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha na hIodáile (PED) a earcú, gur earcaigh oifig OIPE cúig ghiúistís déag, ar bhonn ainmniúcháin Ard-Chomhairle na nGiúistísí (CSM) amháin agus gan iallach a bheith ar aon duine de na breithiúna sin freastal ar aon agallamh.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear mí-úsáid cumhachtaí.
 - Maíonn an t-iarratasóir, i bhfianaise an ainmniúcháin a rinne CSM, gur sháraigh institiúid a bhfuil eolas aici faoi gairmréim iomlán Dr Giuffrida ar an bhforas go bhfuil a comhad pearsanta aici, agus gur ar bhonn an eolais sin a d’ainmnigh Coláiste na nIonchúisitheoirí Eorpacha í, gur diúltaíodh Coláiste na nIonchúisitheoirí Eorpacha don chinneadh sin gan fiú aon fhaisnéis a ghlacadh ó institiúid na hIodáile, de shárú ar Airteagal 1(2) de Chinneadh 013/2020 ón gColáiste maidir leis na nósanna imeachta chun Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a earcú.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear damáiste do mhaoín agus d’íomhá.
 - Ba chúis le damáiste suntasach don iarratasóir, ó thaobh gairmiúil agus pearsanta de, an fanacht go dtiocfaidh deireadh le himeachtaí OIPE.
 - Leagann an Dr Giuffrida béim ar an damáiste a rinneadh ar bhealach do-aisiompaíthe fiú má chuireann an chúirt sin an cinneadh diúltaithe ar neamhní agus má tá sí le hearcú chuig OIPE. Mar thoradh ar an moill a bhaineann lena earcú cailítear gairmiúlacht ar leith sa phost PED i gcomparáid le comhghleacaithe a earcaíodh cheana agus, mar thoradh air sin, moill ar dhul chun cinn an tuarastail a bhfuiltear ag súil leis gach trí bliana.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (IO 2017, L 283, lch. 1).